Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 28 Feabhra 2023
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0039(COD)**

**6425/23
ADD 2 REV 1**

**CODEC 189
ESPACE 5
RECH 45
COMPET 108
IND 53
EU-GNSS 8
TRANS 60
AVIATION 34
MAR 22
TELECOM 40
MI 113
CSC 77
CSCGNSS 2
CFSP/PESC 280
CSDP/PSDC 130**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear Clár an Aontais um Nascacht Shlán le haghaidh na tréimhse 2023-2027**(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>- Ráitis |

**Ráiteas ó Phoblacht na Gréige**

Thacaigh an Ghréig go mór le tionscnamh nascachta slán an Choimisiúin ón tús agus is díol sásaimh di gur tugadh chun críche go pras an Rialachán lena mbunaítear Clár Nascachta Slán an Aontais don tréimhse 2023-2027 agus, tá súil againn, don tréimhse ina dhiaidh sin.

Is príomhthosaíocht pholaitiúil don Ghréig í an nascacht agus tá sé sin léirithe ina clár RRF. Trí spás agus bonneagar trastíre a chumasc, is féidir nascacht a chur ar fáil ar bhealach slán athléimneach, rud atá riachtanach dár rialtais, dár ngeilleagar agus dár sochaí. Tá a córas GOVSATOM féin ("GreeCom") ag an nGréig, glacann sí páirt ghníomhach i gcláir an Aontais amhail Galileo, Copernicus agus EuroQCI, tá sé ar cheann de chomhaltaí Chuibhreannas SST agus

tá tionscadal náisiúnta micrisatailíte seolta aici arb é is aidhm dó rannpháirtíocht na ngníomhaithe spáis uile a neartú agus a uasmhéadú, a bonneagar a úsáid agus a leathnú agus freagairt do na riachtanais maidir le nascacht shlán.

Den mheon sin, cuireann an Ghréig i dtreis gur gá leithdháileadh cothrom acmhainneachtaí Chlár Nascachta Slán an Aontais a áirithiú i measc na mBallstát agus cuireann sí i bhfios go láidir a riachtanaí atá sé idir-inoibritheacht agus comhlántacht Chlár an Aontais a ráthú leis na gníomhaíochtaí, na hacmhainní agus an bonneagar ábhartha náisiúnta le linn ullmhú, fhorbairt, chur chun feidhme agus reáchtáil an Chláir.

**Ráiteas ó Phoblacht na Cróite**

Cuireann Poblacht na Cróite in iúl go dtacaíonn sí go hiomlán le glacadh an Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Clár Nascachta Slán an Aontais don tréimhse 2023-2027.

Mar sin féin, is mian le Poblacht na Cróite a míshásamh leis an leagan teanga reatha Cróitise den Treoir a athdhearbhú, i.e. leis an leagan coibhéiseach Cróitise den téarma Béarla 'cyber' agus a n-eascraíonn uaidh sa Chróitis[1], ceist atá tarraingthe anuas againn ar bhonn leanúnach ar go leor leibhéal laistigh den Chomhairle le blianta beaga anuas.

Eadhon, sa leagan reatha Cróitise den Treoir, baintear úsáid as téarmaíocht nach ann di i cibir-reachtaíocht na Cróite agus san úsáid ghairmiúil, rud a chruthaíonn mearbhall agus a bhaineann an bonn de dheimhneacht dhlíthiúil, de chomhleanúnachas dlíthiúil agus de shoiléireacht dhlíthiúil.

Athdhearbhaíonn Poblacht na Cróite a seasamh gur cheart an téarmaíocht a úsáideann institiúidí an Aontais a ailíniú leis an téarmaíocht dhlíthiúil náisiúnta atá in úsáid cheana d'fhonn deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú.

Tá Poblacht na Cróite tiomanta i gcónaí don chibearspás oscailte, saor, cobhsaí agus slán a chur chun cinn agus leanann sí de bheith ag tacú le glacadh an Treoir.

---

1 Is é 'kibernetički' an téarma coibhéiseach a úsáidtear i reachtaíocht na Cróite ach is é 'kiber-' an téarma a úsáidtear sa Treoir.